NÓTAÍ

Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Déan deimhin de go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh ar an gclár tríd an bhfoirm seo a líonadh agus a sheoladh ar ais LÁITHREACH.

A. BÍ CINNTE GO LUAFAIDH TÚ:

- Gach duine atá ina c(h)ónaí ag do sheoladh agus a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige/aici;
- Daoine atá 17 bliana d'aois agus a shlánóidh aois 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn;
- Duine ar bith a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi ag do sheoladh atá i dteideal vóta a chaitheamh ach atá seal as baile.

B. NÁ LUAIGH:

- Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

C. SAORÁNACHT

Cé go bhfuil sé de cheart ag gach cónaitheoir bheith cláraithe, caithfidh fhios a bheith ag an údarás clárúcháin cad is saoránacht do dhuine chun a chinneadh cad iad na toghcháin a mbeidh an duine sin in ann vótáil acu.

Is mar a leanas an ceart vóta a chaitheamh:

Is féidir le **saoránach Éireannach** vóta a chaitheamh ag gach toghchán agus ag gach reifreann;

Is féidir le **saoránach den Ríocht Aontaithe** vóta a chaitheamh ag toghcháin Dála, ag toghcháin Eorpacha agus ag toghcháin áitiúla;

Is féidir le **saoránaigh de thíortha eile den AE** (taobh amuigh de saoránaigh den Ríocht Aontaithe) vóta a chaitheamh ag toghcháin Eorpacha agus ag toghcháin áitiúla;

Is féidir le **saoránaigh de thíortha lasmuigh den AE** vóta a chaitheamh ag toghcháin áitiúla.

D. DHÁ LEAGAN DEN CHLÁR

Ó 2004, foilseoidh údaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár - an clár atheagraithe agus an clár iomlán.

Sa chlár iomlán liostálfar gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus níl cead é a úsáid ach chun críche toghcháin nó reachtaíochta.

AN CLÁR ATHEAGRAITHE

Ar an gclár atheagraithe beidh ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a léirigh gur féidir a gcuid sonraí a úsáid le haghaidh rudaí eile seachas toghcháin nó reachtaíocht, m.sh. le haghaidh dírmhargaíochta ag eagras trádála nó ag eagras eile.

Mura mian leat do shonraí féin nó sonraí aon duine eile de do theaghlach a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, ba chóir duit tic a chur sa bhosca **rogha an diúltaithe** i gcolún (v) i gcuid a 3 den fhoirm seo. Más mian leat do shonraí clárúcháin a bheith ar fáil chun críche neamhreachtaíochta, ba chóir duit an bosca a fhágáil glan.

Ba chóir don té atá ag forlíonadh na foirme seo seiceáil a dhéanamh leis an chuid eile dá theaglach i dtaobh bheith ar an gclár atheagraithe.

TAISCHANSEO

IARRATAS

IARRATAS AR IONTRÁIL AINMNEACHA I gCLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ (ÚSÁID BLOCLITREACHA AGUS PEANN GRÁNBHIORACH LE DO THOIL)

1. Seoladh iomlán poist na háite cónaithe: _____

_____

2. An gcuimsítear aon teaghlach/árasáin eile ag 1 thuas? Cuimsítear ☐ Ní chuimsítear ☐

3. Liostáil thíos gach duine a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi ag an seoladh thuas agus atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn nó a shlánóidh aois 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn agus iad sin AMHÁIN. Tabhair dáta breithe gach duine agus cuir tic (√) sna cholúin chuí chun saoránacht an té sin a léiriú.

   Mura mian le aon duine liostaithe thíos a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, ba chóir tic a chur sa bhosca rogha an diúltaithe chuí. Ba chóir don té atá ag forlíonadh na foirme seo seiceáil a dhéanamh leis an chuid eile dá theaglach i dtaobh bheith ar an gclár atheagraithe. (Féach D).

(i) SLOINNE	(ii) AINM(NEACHA)	(iii) DÁTA BREITHE (LL MM BB m.sh. 02 06 52)	(iv) SAORÁNACHT ✓le do thoil				(v) AN CLÁR ATHEAGRAITHE (Féach D)
			Éireannach	Briotanach	Tír eile san AE	Tír lasmuigh den AE	ROGHA AN DIÚLTAITHE

4. Más i rith na bliana seo caite a chuir aon duine atá liostáilte thuas faoi ag an sheoladh thuas, tabhair ainm agus seanseoladh an duine sin:

_____

_____

5. **Dearbhú:** Creidim gur fíor é an t-eolas a thugtar thuas.
   Is cion é gan eolas is gá d'údarás clárúcháin le haghaidh a fheidhmeanna a thabhairt dó nó eolas bréige a thabhairt.

_____ _____ _____

Síniú Uimhir teileafóin lae (i gcomhair aon cheiste) Dáta

Tar éis duit an t-iarratas seo a chomhlánú, srac den bhileog é, séalaigh é, agus cuir chuig an Comhairle Chontae Cill Chainnigh, Sraid Eoin, Halla an Chontae, Cill Chainnigh

TAISCHANSEO